

## Coiste Comhairleach um Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Cruinniú ar Webex

07 Iúil 2020 @ 11.30



### AN M. OID. SAN OIDEACHAS LÁN-GHAELGE AGUS GAELTACHTA: TUAIRISC CHUN DÁTA

#### 1) LÍON NA MAC LÉINN AR AN gCLÁR

Bliain 1	30
Bliain 2	18

#### 2) Gné Teanga an Chláir

I mbliana arís, bhí ról lárnach sa chlár ag baint leis an staidéar follasach ar an teanga a bhaineann go sainiúil leis an oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Glacfar le prionsabail agus le cleachtais Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha in iarracht chun clár oideachais do mhúinteoirí tumoideachais, ar clár cothromaithe foghlama cumaisc é, a chruthú ina ndírítear ag an am céanna ar theagasc an ábhair agus ar theagasc na teanga/lítearthachta. Cuireadh na prionsabail agus na cleachtais CEFRL sin in oiriúint, rinneadh iad a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm maidir le dearadh, forbairt agus seachadadh an chláir iarchéime hibridigh seo chun cur ar chumas rannpháirtithe a stór teangeolaíoch (thar gach scil) a leathnú agus caighdeán Leibhéal 1 CEFRL a bhaint amach ar chríochnú an chláir dóibh. Cuimsíodh leis an bplean seo na gníomhaíochtaí seo a leanas, agus gníomhaíochtaí eile nach iad:

- Tacaíocht riachtanais-bhunaithe agus sprioc-dhírithé (saintearmaíocht na teangeolaíochta feidhmí agus saintearmaíocht an taighde)
- Comhdhálacha le rannpháirtithe go rialta fad is a bheidh an clár ar siúl chun cuidiú leo plean inniúlachta a fhorbairt le haghaidh na Gaeilge thar gach inniúlacht teanga
- Tabharfaidh an Ríomhphunann teanga deis do rannpháirtithe éirí níos feasaí ar a n-inniúlacht i nGaeilge, ról na hinniúlachta chun an Ghaeilge a theagasc, agus ról na hinniúlachta chun ábhar a theagasc trí Ghaeilge

I mbliain a dó den chlár, rinne gach mac léinn (n=18) scrúdú C1 thar na n-inniúlachtaí teanga ar fad ar an 5, 6 agus 13 Meitheamh 2020. Is ar líne a riaradh an scrúdú ina raibh 5 chuid ann (Labhairt, Éisteacht, Léitheoireacht, Scríbhneoireacht agus Úsáid na Gaeilge). Tugadh faomhadh iomlán ó scrúdaitheoir seachtrach ó institiúid aitheanta leis an saineolas cuí do gach cuid den scrúdú. Chinntigh tuairisc scríofa an scrúdaitheora sheachtraigh go raibh an scrúdú iomlán dílis do spriocanna agus thuairiscíní C1, trédhearcach, caighdeánaithe agus go raibh cáilíocht dearbhairthe. Scrúdaitheoirí seachtracha neamhspleácha ó insitiúidí aitheanta leis an saineolas cuí a chuir scrúdú labhartha ar na mic léinn.

### **3) Gné Taighde an Chláir**

In ainneoin na gcúinsí reatha agus na ndeacrachtaí a eascaríonn astu, d'éirigh le 29 mac léinn as 30 duine sa chéad bhliain an Tionscadal Taighde a aighniú i mbliana le cabhair agus treoir saineolach ón stiúrthóir taighde. Fuair mac léinn amháin I-Grade mar gheall ar na dúshláin a bhain le COVID-19.

Maireann na mórimpleachtaí atá ag an bpaindéim ar thaighde a chur ar bun do mhic léinn Bliain 2 atá i mbun tráchtas a scríobh. Aithníodh dhá ghrúpa a raibh tacaíocht sa bhreis ag teastáil uatha;

- Tacaíocht do mhic léinn a bheidh ag reachtáil taighde (agallamh, grúpaí fócais) ar líne
- Tacaíocht do mhic léinn tabhairt faoi Thaighde Tánaisteach

Seasann an spriocdháta mar a bhí (14 Lúnasa 2020) don tráchtas a aighniú ach tá síneadh ama curtha leis an tréimhse stiúrthóireachta go deireadh mhí Iúil. Cé go bhfuil gach mac léinn ag obair ar an tráchtas, ag plé le stiúrthóir agus ag fáil tacaíochta faoi láthair, tá sé curtha in iúl ag go leor de Bhliain 2 go bhfuil go leor brú orthu faoi láthair agus go bhfuil neamhchinnteacht ann maidir leis an gclár a chur i gcrích i mbliana.

### **4) Cohórt 2020-2022**

Tá spéis léirithe ag 27 duine sa chlár don tríú cohórt a chláróidh don bhliain acadúil 2020-2022 agus tá fiosraithe eile faighte ag comhordaitheoir an chláir. Bhí 36 iarratas faighte ag an oifig iontrála ar 30 Meitheamh 2020.